www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2016**

# Irish

## Assessment Unit A2 2

## (Section A)

*assessing*

## Listening

**[AI221]**

**FRIDAY 27 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2016
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

D'fhógair Príomhchonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann inniu go mbeidh feachtas nua ann in éadan tiománaithe a bhriseann an dlí. Is iad na tiománaithe a thiomáineann go róghasta, nach gcaitheann crios sábhála agus a úsáideann guthán póca i mbun tiomána a bheas ag croílár an fheachtais. Ón Luan seo chugainn ar aghaidh gearrfar fíneáil seasca punt láithreach bonn ar thiománaí ar bith a bhrisfidh an dlí. Ar a bharr sin, cuirfear trí phointe ar a cheadúnas tiomána.

Roimhe seo bhí cead ag na póilíní rabhadh ó bhéal a thabhairt don tiománaí a bhris an dlí agus é a fhágáil mar sin. Ní mar sin a bheas an scéal feasta mar gheall ar an dlí nua. Beidh deis ag an tiománaí, a dtiocfaidh na póilíní air agus é ag tiomáint go róghasta, na pointí a sheachaint, áfach, má bhíonn sé nó sí sásta freastal ar chúrsa a léiríonn an dochar a dhéanann an luas ar na bóithre.

Go dtí seo i mbliana, fuair ceathrar is caoga bás ar bhóithre na sé chontae. Fuair seachtar is caoga bás sa tréimhse chéanna anuraidh. De réir na staitisticí ón Roinn Comhshaoil, tá trí ghrúpa ar leith i gcontúirt mhór ar na bóithre. Is iad sin na tiománaithe, na coisithe agus na rothaithe.

Dúirt Príomhchonstábla na bPóilíní go bhfuil gach seans ann go marófar tuilleadh daoine ar na bóithre roimh dheireadh na bliana agus go bhfuil sé ag iarraidh an líon sin a laghdú a oiread agus is féidir. Dúirt sé go dtiocfadh cuid mhaith acu a sheachaint dá mbeadh daoine ní ba chúramaí ar na bóithre. Mhaígh sé fosta go raibh dhá straitéis ag na póilíní maidir le sábháilteacht ar na bóithre; is iad sin oideachas agus cur i bhfeidhm an dlí.

Tugadh níos mó airgid do na póilíní leis na bóithre a choinneáil níos sábháilte agus is cosúil go mbeidh tuilleadh patról ar na bóithre sna míonna atá romhainn. Beidh fógraí cumhachtacha le feiceáil ar an teilifís fosta mar chuid den fheachtas.

Arna chóiriú as suíomh idirlín Belfast Telegraph, 9ú Meán Fómhair 2014.

www.xtrapapers.com

Question 2

De réir tuairisce a foilsíodh ag an tSamhain, tá tuismitheoirí i bhfiacha móra mar gheall ar na leabhair agus ar an éide scoile a cheannaíonn siad dá gcuid páistí agus iad ag filleadh ar scoil i mí Mheán Fómhair. I roinnt mhaith de na cásanna, bíonn an Nollaig ann sula mbíonn na fiacha glanta acu.

Is cosúil go mbíonn brú mór ar thuismitheoirí coinneáil suas leis na comharsana maidir le leabhair agus le héide dá gcuid páistí. Mar gheall air seo, gearrann siad siar ar úsáid teasa agus aibhléise sa bhaile, le bheith cinnte de go mbeidh éide néata ar a gcuid páistí agus na leabhair chearta acu.

Deirtear go gcosnaíonn sé trí chéad euro, ar an mheán, le leabhair a sholáthar do dhalta meánscoile in aghaidh na bliana. Aithníonn foilsitheoirí na leabhar scoile go bhfuil costas mór ar na leabhair ach cuireann siad an locht ar ardchostas an pháipéir. Maíonn siad gur tháinig ardú fiche a cúig faoin chéad ar chostas an pháipéir le cúig bliana anuas.

Dúirt Catherine Joyce, atá ina ceannaire ar chumann carthanachta, gur inis máthair amháin di nach raibh a sáith airgid aici le lón a cheannach dá cuid páistí mar gheall ar chostas ard na leabhar.

Bhunaigh Cumann Naomh Uinseann de Pól cód cleachtais sa bhliain dhá mhíle agus a deich, idir foilsitheoirí na leabhar scoile agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. De réir an chód cleachtais seo, níl cead ag foilsitheoir ar bith níos mó ná leagan amháin de leabhar a fhoilsiú gach ceithre bliana.

Dúirt urlabhraí de chuid Chumann Múinteoirí Éireann go mbíonn brú mór ar thuismitheoirí ag tús na scoilbhliana. Dúirt sé go raibh an locht ar an rialtas mar gheall ar na ciorruithe a dhéantar bliain i ndiaidh bliana i gcúrsaí oideachais. Dúirt sé go raibh ar chuid mhaith tuismitheoirí dul chuig banc bia lena gcuid a fháil. Mhol sé go gcuirfí cuid mhaith de na téacsleabhair ar líne agus go dtabharfadh an rialtas tuilleadh airgid do na scoileanna. Beidh tuilleadh le cloisteáil faoin scéal seo sna míonna atá romhainn.

Arna chóiriú as Irish Independent, 4ú Meán Fómhair, 2014.

This is the end of the recording.